Buachaill ón Éirne

Buachaill ón Éirne mé's bhréagfainn féin cailín deas óg;
Ní iarrfainn bó spré léithe tá mé féin saibhir go leor,
'S liom Corcaigh' á mhéid é, dhá thaobh a' ghleanna 's Tír Eoghain;
'S mur n-athraí mé béasaí 's mé n' t-oidhr ar Chontae Mhaigh Eo.

Rachaidh mé 'márach a dhéanamh leanna fán choill,
Gan choite gan bád gan gráinnín brach' ar bith liom,
Ach duilliúr na gcraobh mar éideach leapa os mo chionn,
'S óró sheacht mh'anam déag thú 's tú 'féachaint orm anall.

Buachailleacht bó, mo leo, nár chleacht mise ariamh,
Ach ag imirt 's ag ól 's le hógmhná deasa fá shliabh.
Má chaill mé mo stór ní dóigh gur chaill mé mo chiall,
'S ní mó liom do phóg ná'n bhróg atá'r caitheamh le bliain.

A chuisle 's a stór ná pós an seanduine liath,
Ach pós an fear óg, mo leo, mur' maire sé ach bliain,
Nó beidh tú go fóill gan ó nó mac os do chionn
A shilfeadh a'n deor tráthnóna nó'r maidin go trom.